

Polasáí Iontrála

Gairmscoil na bPiarsach, Rosmuc

Ráiteas Misean

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár noidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Is iarbhunscoil lánghaeilge do bhuachaillí agus do chailíní é Gairmscoil na bPiarsach, Rosmuc faoi iontaobhacht Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin.

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár n-oidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

Réasúnaíocht agus Comhthéacs Dlithiúil:

Is í aidhm an pholasaí seo ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí ann ionas gur féidir le Gairmscoil na bPiarsach cinneadh oscailte, trédhearcadh a dhéanamh maidir le gach iarratas. Déanfaidh Bainistíocht an Ghairmscoil cinneadh ar chlárú scoláirí de réir Polasaí Iontrála na scoile, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht Oideachais(Leas)2000, na hAchtanna um Chomhionannas 2000-2004 agus an tAcht um Oideachas do dhaoine le Riachtanais Oideachasúla speisialta 2004.

Córas Iarratais-Scoláirí ag tosnú sa Chéad Bhliain:

Tá foirmeacha iarratais ar fáil in oifig na scoile nó ar an suíomh idirlín na scoile ag www.gairmscoilnabpiarsach.com. Tabharfaidh ionadaithe ón scoil cuairt gach bliain ar na bunscoileanna in abhantrach na scoile. Tabharfar cuireadh do scoláirí rang 6 and a cuid tuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar oíche oscailte sa nGairmscoil. Tabharfar na foirmeacha iarratais amach ar an oíche in éineacht leis an bpolasaí iontrála. **D'fheadfaí móill a chur ar an bpróiseas iarratais ó tuismitheoir/caomhnóir nó fiú diúltiú muna líonfaí na foirmeacha go h-iomlán agus go firínneach.** Maidir leis an oíche oscailte, beidh fógra maidir leis an dáta seo ar na meáin chumarsáide áitiúil.

Eolas Riachtanach ó tuismitheoirí/caomhnóirí le líonadh ar an bhFoirm Iarratas:

- Ainm, aois, dáta breithe agus seoladh an dalta.
- Uimhir PPSN an scoláire.
- Ainm(eacha), seoladh agus uimhir ghuthán na dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Uimhir ghutháin i gcás práinne.
- Eolas faoi chúrsaí sláinte.

- Eolas faoi mhíbhuntáiste/mhíchumais nó riachtanais speisialta oideachais.
- An scoil ina raibh an dalta chéanna, más oiriúnach.
- Cúiseanna aistríthe ó scoil eile, más oiriúnach.
- Aon eolas ábhartha eile.

Critéir Iontrála:

- Tá Gairmscoil na bPiarsach oscailte do scoláirí a chuireann iarratas isteach roimh an chéad lá d'Aibréan. Nuair a fhaightear iarratas isteach cuirtear stampa na scoile air leis an dáta.
- Caithfear an t-iarratas a chur isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil.
- Má theipeann ar an t-iarrthóir an t-eolas iomlán agus cuí a chur ar fáil, d'fheadfaí an t-iarrtas a dhiúlú.
- Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí glacadh i siniú le Cód Iompar na Scoile mar chuid de Phróiseas Iontrála.
- Caithfidh go bhfuil sé ar chumas an scoláire an cúrsa a leanacht trí Ghaeilge.
- Ní mhór don scoláire a bheith dhá bhliain déag d'aois ar an chéad lá de Éanáir i ndiaidh dóibh tosnú ar scoil.

Má bhíonn níos mó iarratais faighte roimh an 1 Aibréan ná mar a bhíonn áiteanna sa scoil (nó i ranganna áirithe m.sh ranganna phraiticiúla) tabharfar tús áite d'iarrathóirí san ord tosaíochta seo a leanas:

1. Scoláirí in abhrantrach na scoile.
2. Scoláirí a bhfuil, nó a raibh, deartháir nó deirfiur acu ar scoil.
3. Mac nó iníon le thuismitheoir a d'fhreastal ar an scoil.
4. Mac nó iníon le ball foirne.

Nóta: Má bhíonn spás fágtha sa scoil tar éis an cheithre phoinnte thuas a bheith comhlíonta, glacfar le iarratais de réir am agus dáta.

Tairiscintí:

Cuirfidh Bainistíocht na scoile in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí laistigh de 21 lá den dáta deiridh cláraithe go bhfuil áit faighte ag an scoláire. Déanfar measúnú ar gach scoláire a ghlacann le áit. Déanfar é seo chun cuidiú leis an scoil freastal ar riachtanais indibhiúla gach scoláire (N.B. ní critéir iontrála é cumas acadúil an scoláire).

Iarratais ó Scoláirí ag aistriú ó Scoil dara Léibheal eile:

Ní ghlacfar le h-iarratais ó scoláirí atá ag aistriú ó scoil dara-léibhéal eile tar éis tús na scoilbhliana(ach amháin i gcásanna eisceachtúla). Cuirtear na pointí seo a leanas san áireamh sula ndéantar iarratas a mheas:

- Spás a bheith sa rang.
- Na h-ábhair cuí a bheith ag an scoláire chun curaclam na scoile a leanacht.
- Foirm iarratais a bheith líonta amach go h-iomlán.
- An tuairisc scoile is deireanaí, torthaí téarma na scoile chomh maith le torthaí scrudáithe stáit na Roinne Oideachais agus Scileanna más cuí.
- Teastas shásúil iompar agus tinreamh ó Phríomhoide na scoile eile a chur ar fáil.
- Cúiseanna aistríthe a chur in iúl.
- Deimhniú i scríbhinn ón thuismitheoir agus ón scoláire go nglacann siad le Cód Iompar na scoile.
- Sa gcás ina ndearna scoláire freastal ar níos mó ná scoil dara léibheal amháin, caithfear an t-eolas thuasluaite cuí a chur ar fáil ó ghach scoil.

Nóta: Ní féidir an t-iarratas a chur chun cinn go dtí go mbeidh an t-eolas thuasluaite ar fad curtha ar fáil.

Próiseas um ghlacadh cinneadh i leith iarratais ar Iontráil

Tá an Bord Bainistíochta i nGairmscoil na bPiarsach tar éis an t-údarás a tharmligean don Phríomhoide i leith chinneadh a ghlacadh faoi iarratais ar iontráil sa scoil. D'fhéadfadh sé go rachadh an Príomhoide i gcomhairle le Bord Bainistíochta na scoile dá gceapadh sé/sí:

- Nach mbeadh rannphairtíocht an iarratasóra sa scoil ar son leasa oideacheasúla ná soláthar éifeachtúil oideachais do na scoláirí eile ná don iarratasóir agus/nó
- Nach mbeadh rannphairtíocht/clárú an iarratasóra sa scoil ag dul chun tairbhe sláinte, sábháilteacht agus leas na múinteoirí, scoláirí agus foireann na scoile.
- Go gcuirfeadh clár/rollú an scoláire as do reachtáil éifeachtúil na scoile i dtuairm na scoile.

Iarratais ó Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachasúla:

Is í polasaí na scoile riachtanais phearsanta an scoláire a aithint chomh luath agus is féidir:

- Beidh cóip de thuairisc siceolaíochta an scoláire ag teastáil.
- Déanfar teangmháil leis an Scoil Naisiúnta chun stair oideachasúil an scoláire a fháil.

Cuireann Bainistíocht na scoile in iúl go nglacfar le scoláirí le riachtanais speisialta sa scoil má chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna na h-achmhainní cuí ar fáil. Gan an soláthar sin, cuirfear an t-iarratas ar athló go gcuirfear na h-acmhainní ar fáil.

Rogha ábhair:

Bíonn foirm le líonadh amach ag scoláirí sa triú bliain chun a cuid rogha ábhair do chúrsa na hArdteistiméireachta a mheas. Cuirfear oíche eolais ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí na scoláirí chun plé a dhéanamh ar an rogha ábhar. Sula gcuirfear ábhar ar fáil nó sula nglacfar le scoláire isteach i rang, déanfar scrudú ar thorthaí an scoláire i scrudaíthe na scoile agus sna scrudaíthe stáit.

Iarratas ar bhliain scoile a dhéanamh arís:

Nuair a bhéas iarratas a mheas ar bhliain scoil a dhéanamh arís sa scoil, déanfar tagairt do chiorcalán M2/95. Déanfar iarratais a mheas bunaithe ar spás sa rang agus rogha ábhair ar fáil chomh maith leis na critéir leagtha amach sa pholasaí seo.

Cosaint Sonraí:

Tá sonraí ar bith a chuirfear ar fáil do Ghairmscoil na bPiarsach ar an bhfoirm iarratais faoi chosaint ag an Acht um Chosaint Sonraí(1988) agus an Acht um Chosaint Sonraí(leasaithe 2003).

Ceart Achomhairc:

Sa chás go ndiútaíonn an Príomhoide iarratas ar chlárú sa scoil, tá sé dlite ar an bPríomhoide a chur in iúl do na thuismitheoirí/caomhnóirí, nó scoláire atá 18 mbliana nó ós a chionn, go bhfuil sé de cheart acu achomharc faoin gcinneadh a chur faoi bhráid Bhord Bainistíochta na scoile **laistigh de 14 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón scoil.

Sa chás gurb é an Bord Bainistíochta a dhéanann an cinneadh, ní mór do na thuismitheoirí/caomhnóirí, nó scoláire atá 18 mbliana nó ós a chionn, go bhfuil sé de cheart acu achomharc faoin gcinneadh a chur faoi bhráid Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin **laistigh de 14 lá** ón dáta a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón mBord Bainistíochta.

Sa chás go dteipeann ar achomharc na dtuismitheoirí/caomhnóirí, nó scoláire atá 18 mbliana nó ós a chionn in éisteacht an Bhord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin, ní mor don Bhord a chur in iúl dóibh go bhfuil sé de cheart acu achomharc faoin gcinneadh a chur faoi bhráid Ard-Rúnaí na Roinne

Oideachais & Scileanna, faoi réir Alt 29 den Acht Oideachais 1998, laistigh de **42 lá** ón data a fhaigheann siad an cinneadh i scríbhinn ón gCoiste.

Déanfar monatóireacht rialta ar an bpolasaí seo agus déanfar athbhreithniú ar dhá bhliain i ndiaidh don Bord bainistíochta glacadh leis nó níos tuisce más gá.

Siniú _____

Cathaoirleach

Dáta _____